# Áit Súgartha Eachtraíochta

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - feasacht ar spásúlacht, cruthanna 3T<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br>• Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | sféar, ciúb, ciúbóideach, sorcóir, sreang, faobhar, cúinne/coirnéal , aghaidh, díreach, cuar/cuartha, cruinn agus leibhéalta, thar, faoi, suas, síos, ar, os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé, luascán, timpeallán, crandaí bogadaí, fráma dreapadóireachta, bosca bruscair, sleamhnán, ziplíne, cas, tiontaigh, timpeall |
| **Áiseanna** | cruthanna 3T, ábhair athchúrsáilte mheasctha, duilleoga, cipíní, blu-tak |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

D’fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ar bhord, ar an urlár nó i dtráidire uisce (taobh istigh nó taobh amuigh), áit a gcruthaíonn daltaí a gcuid cúrsa bacainní féin dá n-achar Aistear/ gcoirnéal súgartha struchtúrtha.

### 1 Gníomhaíocht 1

Tabhair am do na daltaí saorshúgradh a dhéanamh le bloic thógála agus le hábhair in-athchúrsáilte.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarrtar ar na daltaí smaoineamh ar conas is féidir na rudaí a úsáid chun áit súgartha eachtraíochta a chruthú.

Sampla: Taispeáin sorcóir adhmaid/coinneálaí rolla cistine/soip srl. agus ceistigh na daltaí faoi na féidearthachtaí a bhaineann leo. (D’fhéadfadh sorcóir a úsáid chun léim air, léim thart nó a rolladh feadh cosáin, d’fhéadfadh coinneálaí rolla cistine a úsáid mar thollán, d’fhéadfadh soip a úsáid chun bealach a leagan amach nó chun fráma dreapadóireachta a thógáil).

Iarrtar ar na daltaí áit súgartha eachtraíochta a dhéanamh dá gcarachtair bheaga.

### 3 Gníomhaíocht 3

Agus an áit súgartha eachtraíochta in úsáid acu, cruthaíonn na daltaí treoracha do gach bac. Léireoidh an múinteoir na treoracha, ag díriú aird ar stór focal a bhaineann le cruth agus spás.
Seo samplaí de threoracha a dhíríonn ar theanga shuímh:
Téigh suas agus síos ar an gcrandaí bogadaí.
Lámhacán tríd an tollán.
Roll an bairille feadh an chosáin timpeall chlós na scoile.
Dreap suas céimeanna an tsleamhnáin.
Cuir an carachtar ar an taobh deis den timpeallán agus cas thart é.
Bog an carachtar thart ar an lochan.
Bog an carachtar faoin bhfráma dreapadóireachta.
Seas in aice le bosca bruscair agus déan trí léim.
Leagann daltaí amach an clós scoile agus stiúrann siad a gcomhscoláire nuair a bhogann siad carachtar nó cruth trí chlós na scoile.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna is fusa a bhogadh i gclós na scoile?<br>• Cad iad na cruthanna is fusa a rolladh feadh an chosáin?<br>• Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?<br>• Cén fáth a bhfuil sorcóir/ciúb/ciúbóideach oiriúnach do x? (Dírigh ar airíonna an chrutha).<br>• Cén chuid de chlós na scoile ba mhó a thaitin leat? Cén fáth?<br>• Cad iad na hábhair in-athchúrsáilte a d'úsáid tú? | • An féidir leat a mhíniú cén fáth ar roghnaigh tú na hábhair seo?<br>• Cad iad príomhthréithe d'áite súgartha?<br>• Cad é a d'athrófá faoi d'áit súgartha? Cén fáth?<br>• An bhfuil slí ar bith eile ann leis na rudaí san áit súgartha a úsáid? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Más gá, is féidir leis an múinteoir pictiúr d'áit súgartha a chur ar fáil le cabhrú smaointe a spreagadh.